An Coimisiún Pleanála

# Tuairim a Thabhairt maidir le hAchomharc i leith Forbairt Chónaithe Mhórscála (FCM)

Eanáir 2026

# Maidir leis an treoir seo

Sa treoir seo, tugtar faisnéis faoi conas tuairim a thabhairt maidir le hachomharc bailí i leith forbairt chónaithe mhórscála. Is féidir leat do thuairim a sheoladh chugainn trí úsáid a bhaint as an bhFoirm Thuairime maidir le hachomharc i leith forbairt chónaithe mhórscála. Is féidir leat an fhoirm sin a fháil ar ár suíomh Gréasáin www.pleanala.ie nó trí theagmháil a dhéanamh lenár n-oifig. Is féidir leat tuairim a thabhairt trí scríobh chugainn freisin.

Níl an treoir seo beartaithe ach amháin chun faisnéis ghinearálta, cúnamh ginearálta agus treoir ghinearálta a thabhairt. Ní míniú dlíthiúil ar an reachtaíocht í. Ní mór do léitheoirí an fhoráil reachtúil is iomchuí dá n-imthosca ar leith féin a leanúint agus, le linn dóibh déanamh amhlaidh, ba cheart dóibh a gcomhairle shaineolach féin a fháil, más gá.

**Cosaint Sonraí**

Ní úsáideann an Coimisiún Pleanála do shonraí pearsanta ach amháin chun ár seirbhísí a sholáthar agus chun ár ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh. Maidir leis na sonraí pearsanta a sholáthróidh tú, scaipfear iad ar pháirtithe iomchuí eile agus cuirfear iad ar fáil go poiblí i ndáil le haon ní atá os comhair an Choimisiúin Pleanála.

Chun amharc ar ár ráitis bheartais iomlána maidir le Cosaint Sonraí, téigh chuig **https://www.pleanala.ie/en-IE/Privacy**.

# Clár Ábhar

**Clár Ábhar** ... 3
**Téarmaí** ... 5
**Cad is tuairim ann?** ... 9
**Cé a fhéadfaidh tuairim a thabhairt?** ... 9
**Tuairim a thabhairt** ... 10
Conas is féidir liom tuairim a thabhairt? ... 10
Cá mhéad ama atá agam chun tuairim a thabhairt? ... 10
Cén costas atá ar thuairim a thabhairt? ... 11
Conas is féidir liom íoc as mo thuairim? ... 12
Cé na nithe a sheolfaidh mé in éineacht le mo thuairim? ... 13
**An tuairim a sheoladh chugainn ar líne** ... 14
Conas is féidir liom an doiciméad tuairime a ullmhú? ... 14
Conas a úsáidim an t-uaslódálaí? ... 15
Cá mhéad ama atá agam chun an próiseas uaslódála a chríochnú? ... 17
An íocfaidh mé an táille nuair a uaslódálfaidh mé an doiciméad? ... 17
An bhféadfaidh mé an doiciméad a uaslódáil agus an táille a íoc ar leithligh? ... 18
An gá dom an t-uaslódálaí a úsáid chun mo thuairim a sheoladh isteach? ... 18
An bhféadfaidh mé an t-uaslódálaí a úsáid chun mo thuairim a chur isteach agus ábhair thacaíochta a sheoladh leis an bpost freisin? ... 18
An bhféadfaidh mé an t-uaslódálaí a úsáid agus cóip pháipéir den tuairim chéanna a sheoladh leis an bpost freisin? ... 18
Táim ag teacht ar fhadhbanna maidir leis an uaslódálaí a úsáid. Cé na daoine lenar féidir liom teagmháil a dhéanamh? ... 18
An ndéanfaidh tú teagmháil liom le ríomhphost le linn an phróisis iarratais? ... 18
**An tuairim a sheoladh chugainn leis an bpost nó í a sheachadadh i bpearsa** ... 19
Cén áit ar cheart dom mo thuairim a sheoladh chuici nó í a sheachadadh uirthi? 19
An bhféadfaidh mé admháil a fháil más rud é go seachadfaidh mé mo thuairim i bpearsa? ... 19
An bhfaighidh mé admháil más rud é go seolfaidh mé mo thuairim leis an bpost? 20
An bhféadfaidh mé éisteacht ó bhéal a iarraidh? ... 20
**Tar éis duit do thuairim a thabhairt** ... 20
Ar thug mé tuairim bhailí nó tuairim neamhbhailí? ... 20
Cad is gá dom a dhéanamh má tá mo thuairim bailí? ... 20
Cad a tharlóidh má tá mo thuairim neamhbhailí? ... 21
Cén fáth a bhfuil mo thuairim neamhbhailí? ... 21
Cad a dhéanfaidh an Coimisiún Pleanála ina dhiaidh sin? ... 21

Cén teorainn ama le haghaidh achomhairc a chinneadh? .................................... 21
An bhféadfaidh mé mo thuairim a tharraingt siar? ................................................ 22
Tarraingíodh an t-iarratas nó na hachomhairc a bhaineann leis an gcás siar. An ndéanfaidh an Coimisiún breithniú ar mo thuairim go fóill? ................................... 22
**Ceisteanna Coitianta ................................................................................. 23**
**Reachtaíocht ............................................................................................ 26**
**Déan teagmháil linn ................................................................................... 26**

## Téarmaí

Seo a leanas roinnt de na téarmaí a úsáidimid sa treoir seo:

| | |
|---|---|
| **Admháil** | Doiciméad arna eisiúint ag údarás pleanála ina léirítear go ndearna tú aighneacht chuig an údarás pleanála sin. |
| **Acht** | Dlí ar rith an tOireachtas (an pharlaimint) í agus ar cheadaigh an tUachtarán í. |
| **Gníomhaire** | Duine a ghníomhaíonn thar do cheann i ndáil le hachomharc, le hiarratas nó le hatreorú. |
| **Achomharc** | Athbhreithniú ar an gcinneadh bunaidh ar iarratas pleanála arna dhéanamh ag údarás pleanála. |
| **Achomharcóir** | Duine aonair nó eagraíocht a dhéanann achomharc (féach freisin **Chéad pháirtí**, **Tríú páirtí**). |
| **Iarratasóir** | Duine aonair nó eagraíocht a dhéanann iarratas pleanála chuig údarás pleanála (féach freisin **Chéad pháirtí**). |
| **Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta** | Doiciméad arna ullmhú ag iarratasóir ina ndéantar measúnú ar na héifeachtaí is dóigh a bheidh ag forbairt bheartaithe ar an gcomhshaol. |
| **Chéad pháirtí** | An duine a dhéanann iarratas ar chead pleanála le haghaidh forbairt bheartaithe (féach freisin **Iarratasóir**). |
| **Cigire** | Ball foirne teicniúil a dhéanann cigireachtaí láithreáin, a ullmhaíonn tuarascáil ar an gcás pleanála agus a dhéanann moladh don Choimisiún maidir le cé acu ba cheart cead a dheonú nó a dhiúltú. |

| | |
|---|---|
| **Neamhbhailí** | Ní chomhlíonann ní na ceanglais reachtúla uile a cheanglaítear le dlí agus le rialacháin chun go measfaí gur cás é. |
| **Cead Achomhairc** | Cead a iarraidh ar an gCoimisiún chun achomharc a dhéanamh i gcás go bhfuil feidhm ag **gach** ceann de na ceithre chúis seo a leanas:<br>Ní dhearna tú aighneacht chuig an údarás pleanála maidir le hiarratas pleanála.<br>Dheonaigh an t-údarás pleanála cead don iarratas pleanála sin. Leis an gcead a deonaíodh, cheangail an t-údarás pleanála coinníoll nó coinníollacha lena n-athrófaí cuid den fhorbairt bheartaithe ón méid a beartaíodh ar dtús san iarratas pleanála.<br>Mar gheall ar an gcoinníoll nó na coinníollacha atá ceangailte leis an deonú ceada anois, beidh tionchar ag an bhforbairt bheartaithe ar thalamh:<br>ina bhfuil leas agat; **agus**<br>atá tadhlach (in aice nó ceangailte) leis an láithreán forbartha beartaithe<br>Is é an tionchar a bheidh aici ná:<br>difear a dhéanamh don dóigh a dteachtfaidh tú an talamh ina bhfuil leas agat, **nó**<br>luach na talún ina bhfuil leas agat a laghdú, **nó**<br>difear a dhéanamh don dóigh a dteachtfaidh tú an talamh agus luach na talún a laghdú araon. |
| **Tuairim** | Doiciméad arna chur isteach ag **Soláthraí Tuairime** (féach freisin **Aighneacht**). |

| | |
|---|---|
| **Soláthraí Tuairime (Achomhairc)** | Aon duine, seachas an t-iarratasóir, an t-údarás pleanála nó an t-achomharcóir, a thugann tuairim maidir le hachomharc (féach freisin **Tuairim**). |
| **Éisteacht ó bhéal** | Is é is éisteacht ó bhéal ann ná cruinniú a sheoltar chun go mbeifear in ann saincheisteanna iomchuí i gcás ar leith a phlé agus a scrúdú. |
| **Údarás pleanála** | An t-údarás áitiúil – comhairle contae, comhairle cathrach, nó comhairle cathrach agus contae – atá freagrach as an bpleanáil ina limistéar. |
| **Rialacháin** | Dlí nó rialacha arna dhéanamh nó arna ndéanamh le h**Acht** nó, uaireanta, ag aire den rialtas. |
| **Reachtúil** | Ní a chinntear, a bhunaítear nó a rialaítear le dlí reachtach. Is é is dlí reachtach ann ná dlí arna rith ag parlaimint. |
| **Ceanglais reachtúla** | Ceanglais a cheanglaítear le dlí chun go mbeidh cás bailí. |
| **Aighneacht** | Doiciméad ar achomhairc nó ar iarratais a bhféadfadh ábhair thacaíochta amhail grianghraif, pleananna, líníochtaí agus treoir theicniúil a bheith ar áireamh ann. (Is féidir an doiciméad a chlóscríobh nó a lámhscríobh.) |
| **Tríú páirtí** | Duine atá ag déanamh achomhairc i gcoinne cinneadh ó údarás pleanála maidir le forbairt bheartaithe, seachas an duine a rinne an t-iarratas pleanála bunaidh (féach freisin **Achomharcóir**). |

| | |
|---|---|
| **Bailí** | Comhlíonann ní na ceanglais reachtúla uile a cheanglaítear le dlí agus le rialacháin chun go measfaí gur cás é. |
| **Ár, sinn (agus aon fhoirm eile sa chéad phearsa iolra)** | An Coimisiún Pleanála. |
| **Tú, tusa (agus aon fhoirm eile sa dara pearsa uatha)** | Tusa mar dhuine, mar chuideachta, mar ghrúpa, mar eagraíocht nó mar údarás Stáit. |

## Cad is tuairim ann?

Is é is tuairim ann ná cás ina dtugann tú do thuairimí maidir le hachomharc bailí chuig an gCoimisiún Pleanála.

**Cad is achomharc ann?**

Tríd is tríd, ní mór d'aon duine atá ag iarraidh forbairt a dhéanamh iarratas a dhéanamh ar chead pleanála chuig a c(h)omhairle contae áitiúil, chuig a c(h)omhairle cathrach áitiúil nó chuig a c(h)omhairle cathrach agus contae áitiúil (an t-údarás pleanála). Déanfaidh an t-**údarás pleanála** cinneadh ar an iarratas, áit a ndéanfaidh sé cead pleanála a dheonú nó a dhiúltú. Féadfar achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh sin chuig an gCoimisiún Pleanála

## Cé a fhéadfaidh tuairim a thabhairt?

Féadfaidh aon duine tuairim a thabhairt i gcás **nach** mbeidh sé/sí ina rannpháirtí san achomharc cheana féin. Ní fhéadfaidh tú tuairim a thabhairt **ach amháin** i gcás go mbeidh achomharc bailí déanta ag duine éigin ar chinneadh ó údarás pleanála ar iarratas pleanála.

# Tuairim a thabhairt

## Conas is féidir liom tuairim a thabhairt?

Ní mór duit do thuairim a thabhairt i scríbhinn leis an bpost nó trí í a sheachadadh i bpearsa orainn. Is féidir leat do thuairim a sheoladh freisin trí úsáid a bhaint as ár saoráid uaslódála ar líne. (Féach leathanach 14). Tá Foirm Thuairime maidir le hachomharc i leith forbairt chónaithe mhórscála ar fáil lena comhlánú agat. Is féidir an fhoirm a chlóscríobh nó a lámhscríobh. Ní gá duit an fhoirm sin a chomhlánú chun tuairim a thabhairt, áfach, agus is féidir leat an fhoirm a úsáid nó scríobh chugainn.

## Cá mhéad ama atá agam chun tuairim a thabhairt?


Tá **teorainneacha ama dochta** ann le haghaidh tuairim a thabhairt, agus iad ag brath ar an staid.

**1. Tá tú ag iarraidh tuairim a thabhairt maidir le hachomharc a fuair an Coimisiún Pleanála.**

Is é an teorainn ama ná **ceithre seachtaine** ón dáta a rinneadh an t-achomharc nó a rinneadh an t-achomharc deiridh.

**Sampla**

I gcás go bhfuair an Coimisiún Pleanála an t-achomharc deiridh **Dé hAoine an 5 Aibreán**, is é an lá deiridh ar a bhféadfaimid do thuairim a fháil ná **Déardaoin an 2 Bealtaine**, roimh 5.30 p.m.




**2. Tá tú ag iarraidh tuairim a thabhairt mar thoradh ar fhógra poiblí foilsithe ina luaitear gur iarr an Coimisiún Pleanála tuarascáil ar mheasúnacht tionchair timpeallachta agus go bhfuair sé an tuarascáil sin.**

Is é an teorainn ama ná **cúig seachtaine** ón dáta a foilsíodh an fógra poiblí.

**Sampla**

I gcás gur foilsíodh an fógra poiblí **Dé Céadaoin an 2 Lúnasa**, is é an lá deiridh ar a bhféadfaimid do thuairim a fháil ná **Dé Máirt an 5 Meán Fómhair**, roimh 5.30 p.m.

**3. Tá tú ag iarraidh tuairim a thabhairt toisc gur iarr an Coimisiún Pleanála ar an iarratasóir fógra eile láithreáin nó nuachtáin a fhoilsiú.**

Is é an teorainn ama ná **ceithre seachtaine** ón dáta a foilsíodh an fógra eile láithreáin nó nuachtáin.

**Sampla**

I gcás gur foilsíodh an fógra poiblí **Dé hAoine an 4 Deireadh Fómhair**, is é an lá deiridh ar a bhféadfaimid do thuairim a fháil ná **Déardaoin an 31 Deireadh Fómhair**, roimh 5.30 p.m.




Tá áireamhán féilire ar fáil ar ár suíomh Gréasáin chun cabhrú leat an lá deiridh ar a bhféadfaidh tú do thuairim a thabhairt a ríomh. Tá rialacha difriúla ann maidir leis na teorainneacha ama idir an 24 Nollaig agus an 1 Eanáir (agus an dá lá sin san áireamh), ar rialacha iad lena bhféadfaí difear a dhéanamh don dáta deiridh.

### Cén costas atá ar thuairim a thabhairt?

Tá costas €50 ar thuairim a thabhairt. **Ní mór** duit a chinntiú go gcuirtear an táille cheart isteach in éineacht leis an tuairim. Ní ghearrtar aon táille ar eagraíochtaí áirithe atá leagtha amach sna Rialacháin. Is féidir leat liosta de na heagraíochtaí sin a fháil sa Treoir uainn maidir le Táillí agus Muirir.

### Conas is féidir liom íoc as mo thuairim?

Is iomaí modh inar féidir leat táille a íoc leis an gCoimisiún Pleanála.

| | I bpearsa ag ár bhfáiltiú | Leis an bpost | Ar líne, tríd an uaslódálaí a úsáid |
|---|---|---|---|
| Airgead Tirim | ✓ Glactar leis an modh seo | Molaimid duit gan airgead tirim a sheoladh leis an bpost. | ✘ Ní ghlactar leis an modh seo |
| Cártaí Dochair agus Creidmheasa* | ✓ Glactar leis an modh seo | ✘ Ní ghlactar leis an modh seo | ✓ Glactar leis an modh seo |
| Seiceanna | ✓ Glactar leis an modh seo | ✓ Glactar leis an modh seo | ✘ Ní ghlactar leis an modh seo |
| Dréachtaí Bainc | ✓ Glactar leis an modh seo | ✓ Glactar leis an modh seo | ✘ Ní ghlactar leis an modh seo |
| Orduithe Poist | ✓ Glactar leis an modh seo | ✓ Glactar leis an modh seo | ✘ Ní ghlactar leis an modh seo |

*Tabhair faoi deara nach nglacaimid le híocaíochtaí cárta dochair ná le híocaíochtaí cárta creidmheasa thar an teileafón.

Is féidir leat tuilleadh mionsonraí faoi tháillí agus faoi conas is féidir leat táillí a íoc a fháil ar ár suíomh Gréasáin.

## Cé na nithe a sheolfaidh mé in éineacht le mo thuairim?

Ba cheart duit na forais atá le do thuairim (cúiseanna agus argóintí) agus aon doiciméid is mian leat a chur ar áireamh a ullmhú go cúramach. Tar éis duit do thuairim a thabhairt, **ní fhéadfaidh** tú aon aighneachtaí eile a dhéanamh ach amháin i gcás go n-iarrfaimid go sonrach ort déanamh amhlaidh. Tabhair faoi deara **nach bhféadfaidh** an Coimisiún Pleanála breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna nach saincheisteanna pleanála iad.

**Chun tuairim bhailí iomlán a thabhairt:**

| | |
|---|---|
| ✓ | Ní mór duit do thuairim a chur i scríbhinn (í a chlóscríobh nó a lámhscríobh). |
| ✓ | Ní mór duit d'ainm agus do sheoladh féin a lua go soiléir. Más rud é go mbeidh gníomhaire pleanála ag gníomhú thar do cheann, ní mór don ghníomhaire a (h)ainm agus a s(h)eoladh féin a lua go soiléir, mar aon le d'ainm agus do sheoladh. |
| ✓ | Ní mór duit dóthain mionsonraí a thabhairt dúinn ionas go mbeimid in ann an t-iarratas nó an t-achomharc a bhfuil tú ag tabhairt na tuairime maidir leis a shainaithint go héasca. Seo a leanas samplaí de na mionsonraí lena nglacaimid:<br>• cóip den chinneadh ón údarás pleanála, **nó**<br>• ainm an údaráis pleanála agus uimhir thagartha an údaráis pleanála ar an gclár (mar shampla: Comhairle Cathrach Bhaile an Bhaile, 23719/18), **nó**<br>• uimhir thagartha cáis an Choimisiúin Pleanála (mar shampla: ABP-300000-19). |
| ✓ | Ní mór duit na nithe seo a leanas a sholáthar dúinn:<br>• na forais phleanála atá le do thuairim (cúiseanna agus argóintí), **agus**<br>• aon mhíreanna is mian leat a úsáid chun tacú leis na forais atá le do thuairim. |
| ✓ | Ní mór duit an táille cheart €50 a íoc. |
| ✓ | Ní mór duit do thuairim a thabhairt in am. |

Is féidir seicliosta chun cabhrú leat do thuairim a thabhairt a fháil ar ár suíomh Gréasáin nó trí theagmháil a dhéanamh linn.

## An tuairim a sheoladh chugainn ar líne

### Conas is féidir liom tuairim maidir le hachomharc i leith forbairt chónaithe mhórscála a thabhairt ar líne?

Is féidir le daoine den phobal tuairimí a chur isteach ar líne tríd an leathanach cáis ar leith le haghaidh achomharc reatha i leith iarratas ar fhorbairt chónaithe mhórscála, áit ar féidir an t-uaslódálaí a rochtain.

Chun an leathanach cáis iomchuí a aimsiú, féach ár **saoráid cuardaigh cásanna anseo**.

Chun an tsaoráid uaslódála ar líne a úsáid, beidh sé riachtanach go mbeadh do thuairim comhlánaithe agat agus go mbeadh sí sábháilte agat mar dhoiciméad Microsoft Word nó mar PDF.

Ní scríobhann an tsaoráid uaslódála ar líne an tuairim duit.

Beidh tú in ann an tsaoráid uaslódála ar líne a úsáid chun an táille a íoc ar líne freisin. Tar éis duit do thuairim a sheoladh go rathúil, gheobhaidh tú ríomhphost á dheimhniú go bhfuaireamar í.

### Conas is féidir liom an doiciméad tuairime a ullmhú?

Is féidir leat do dhoiciméad tuairime a ullmhú trí do dhoiciméad a scríobh agus trí é a shábháil ansin mar dhoiciméad Microsoft Word nó mar PDF. Má lámhscríobh tú do dhoiciméad, beidh ort é a scanadh agus é a shábháil mar PDF.
Ní fhéadfaidh tú ach doiciméad **amháin** a uaslódáil ar líne, agus níor cheart an doiciméad sin a bheith níos mó ná 30 MB, an mhéid comhaid cheadaithe uasta.

Ainmnigh do dhoiciméad ar cheachtar de dhá bhealach:

| Bealaí chun doiciméad a ainmniú | Sampla |
|---|---|
| An chásuimhir agus d'ainm féin | 300000 – Ann Duine |
| Ainm agus suíomh na forbartha agus d'ainm féin | Tionscadal Chearnóg an Bhaile, Baile an Bhaile – John Murphy |

**Leid:** Déan cinnte de **nach mbeidh** lánstad (.) ann ag deireadh ainm do dhoiciméid.

### Cé na nithe a bheidh ag teastáil uaim chun an tuairim a uaslódáil ar líne?

Beidh na nithe seo a leanas ag teastáil uait sula n-úsáidfidh tú an tsaoráid uaslódála ar líne:


| | |
|---|---|
| ✓ | Leagan cothrom le dáta de bhrabhsálaí Idirlín amhail: Microsoft Edge, Chrome, Firefox, agus Safari. |
| ✓ | Seoladh ríomhphoist, ionas gur féidir leat an ríomhphost á dheimhniú go bhfuaireamar do thuairim a fháil. |
| ✓ | Do thuairim a bheith sábháilte mar dhoiciméad Microsoft Word nó mar PDF nár cheart a bheith níos mó ná 30 MB, an mhéid comhaid cheadaithe uasta. |
| ✓ | Mionsonraí faoin iarratas ar mian leat tuairim a thabhairt maidir leis.<br>Seo a leanas na mionsonraí lena nglacann an t-uaslódálaí:<br>• uimhir thagartha an údaráis pleanála ar an gclár, **nó**<br>• uimhir thagartha cáis an Choimisiúin Pleanála don iarratas. (mar shampla: 300000), **nó**<br>• ainm agus suíomh na forbartha beartaithe mar atá san iarratas (mar shampla: Tionscadal Chearnóg an Bhaile, An Phríomhshráid, Baile an Bhaile, Co. Bhaile an Bhaile). |
| ✓ | Cárta dochair nó creidmheasa, ionas gur féidir leat an táille cheart a íoc. |

## Conas a úsáidim an t-uaslódálaí?

Is féidir le daoine den phobal tuairimí a chur isteach ar líne tríd an leathanach cáis ar leith le haghaidh achomharc reatha i leith iarratas ar fhorbairt chónaithe mhórscála,

áit ar féidir an t-uaslódálaí a rochtain. Chun an leathanach cáis iomchuí a aimsiú, féach ár [saoráid cuardaigh cásanna anseo](saoráid cuardaigh cásanna anseo).

Ansin, tabharfaidh an t-uaslódálaí thú trí na ceithre leathanach/chéim chun do dhoiciméad a uaslódáil. Is é seo an chéad leathanach den uaslódálaí:




<table>
<tr><td>Leathanach 1</td><td>Réamhrá</td></tr>
<tr><td>Leathanach 2</td><td>Ní mór duit na nithe seo a leanas a thabhairt ar an leath uachtair den leathanach seo:<br><br>• uimhir thagartha cáis an Choimisiúin Pleanála don iarratas, nó<br>• ainm agus suíomh na forbartha beartaithe mar atá san iarratas.<br><br>Is féidir leat do thuairim a cheangal sa leath íochtair den leathanach seo. Is féidir leat do thuairim a uaslódáil agus a cheangal isteach sa bhosca liath trí chliceáil ar an gcnaipe:<br><br><br><br>Nuair a bheidh an tuairim uaslódáilte, beidh sí le feiceáil sa bhosca liath.<br><br></td></tr>
<tr><td>Leathanach 3</td><td>Ní mór duit na nithe seo a leanas a thabhairt ar an leathanach seo:<br><br>• d'ainm, agus<br>• do sheoladh ríomhphoist sa dá bhosca ar leith, chun a chinntiú go bhfuil do sheoladh ríomhphoist ceart againn.<br><br>Más gníomhaire thú atá ag uaslódáil tuairime thar ceann cliaint, ní mór duit d'ainm agus do sheoladh ríomhphoist féin a thabhairt.</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| Leathanach 4 | Ar an leathanach seo, fiafrófar díot an bhfuil tú réidh leis an tuairim a thabhairt:<br><br>Má tá, bogfaidh tú chuig an rannán íocaíochtaí chun an táille a íoc.<br><br>Mura bhfuil, is féidir leat dul ar ais chun athruithe a dhéanamh.<br><br>Sa rannán íocaíochtaí, iarrfar ort an táille atá tú ag iarraidh a íoc a roghnú:<br><br>Tuairim – €50<br><br>Iarrfar ort ansin do mhionsonraí cárta dochair nó creidmheasa a thabhairt. Seiceáil na mionsonraí go cúramach agus iad á n-iontráil agat.<br><br>Nuair a bheidh tú réidh, cliceáil ar **Íoc agus críochnaigh**, agus cuirfear do thuairim isteach. |
| Leathanach 5 | Nuair a bheidh an próiseas críochnaithe go rathúil, feicfidh tú an scáileán Deimhniúcháin.<br><br>Seolfar admháil chugat le ríomhphost freisin á dheimhniú go bhfuaireamar do thuairim. Más rud é go mbeidh aon fhadhbanna ann, lean na treoracha ar an scáileán. |

### Cá mhéad ama atá agam chun an próiseas uaslódála a chríochnú?

**Níl aon teorainn ama ann** le haghaidh an próiseas uaslódála a chríochnú. Mar sin féin, más rud é go ndúnfaidh tú an leathanach agus go bhfágfaidh tú an próiseas, beidh ort tosú arís as an nua.

### An íocfaidh mé an táille nuair a uaslódálfaidh mé an doiciméad?

Íocfaidh. Beidh cárta dochair nó creidmheasa ag teastáil uait chun an táille riachtanach a íoc. Déan cinnte de go mbeidh dóthain airgid agat i do chuntas toisc go dtógfar an íocaíocht nuair a uaslódálfaidh tú do dhoiciméad.

### An bhféadfaidh mé an doiciméad a uaslódáil agus an táille a íoc ar leithligh?

Ní fhéadfaidh. Má tá an t-uaslódálaí á úsáid agat, ní fhéadfaidh tú íoc ach amháin le cárta dochair nó creidmheasa. Má tá tú ag iarraidh an táille a íoc trí aon mhodh eile íocaíochta, beidh ort ceachtar de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- do thuairim a sheoladh chugainn leis an bpost, nó
- do thuairim a sheachadadh de láimh ar bhall foirne inár n-oifig.

### An gá dom an t-uaslódálaí a úsáid chun mo thuairim a sheoladh isteach?

Ní gá. Féadfaidh tú do thuairim a sheoladh leis an bpost nó í a sheachadadh i bpearsa ar ár n-oifig. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ar leathanach 19.

### An bhféadfaidh mé an t-uaslódálaí a úsáid chun mo thuairim a chur isteach agus ábhair thacaíochta a sheoladh leis an bpost freisin?

Ní fhéadfaidh. Más mian leat ábhair thacaíochta amhail grianghraif chlóite, líníochtaí páipéir nó DVDanna a chur ar áireamh mar chuid de do thuairim, beidh ort do thuairim a sheoladh leis an bpost nó í a sheachadadh i bpearsa ar ár n-oifig.

### An bhféadfaidh mé an t-uaslódálaí a úsáid agus cóip pháipéir den tuairim chéanna a sheoladh leis an bpost freisin?

Ní fhéadfaidh. Ná húsáid ach modh **amháin** chun do thuairim a sheoladh, cibé acu ar líne ach an t-uaslódálaí a úsáid **nó** ar pháipéar (ach an tuairim a sheoladh leis an bpost nó í a sheachadadh i bpearsa).

### Táim ag teacht ar fhadhbanna maidir leis an uaslódálaí a úsáid. Cé na daoine lenar féidir liom teagmháil a dhéanamh?

Má tá tú ag teacht ar fhadhbanna maidir leis an uaslódálaí a úsáid, déan teagmháil lenár ndeasc chabhrach trí ríomhphost a sheoladh chuig onlinesupport@pleanala.ie.

### An ndéanfaidh tú teagmháil liom le ríomhphost le linn an phróisis iarratais?

Ní dhéanfaidh. Le linn an phróisis iarratais, scríobhfaimid chugat trí litir a sheolfar leis an bpost. Ní bhfaighidh tú aon ríomhphost uainn ach amháin chun a dheimhniú go bhfuaireamar do dhoiciméad tuairime.

## An tuairim a sheoladh chugainn leis an bpost nó í a sheachadadh i bpearsa

### Cén áit ar cheart dom mo thuairim a sheoladh chuici nó í a sheachadadh uirthi?


Ní mór duit:

- do thuairim a sheoladh leis an bpost chuig: An Rúnaí, An Coimisiún Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902,



**nó**

- do thuairim a sheachadadh i bpearsa ar bhall foirne de chuid an Choimisiúin Pleanála ag ár n-oifig ar Shráid Maoilbhríde (tá an seoladh tugtha thuas) le linn uaireanta oifige – 9.15 a.m. go 5.30 p.m., an Luan go dtí an Aoine. Tabhair faoi deara nach bhféadfaidh na baill foirne slándála ag ár n-oifig glacadh le tuairimí.



**Cuimhnigh**

**Ná cuir** do thuairim i mbosca litreacha ár n-oifige agus **ná seol chugainn í le ríomhphost** toisc go mbeidh do thuairim **neamhbhailí**. Más mian leat tuairim a chur isteach ar líne, ní mór duit an tsaoráid uaslódála ar líne a úsáid. Féach leathanach 14 chun tuilleadh faisnéise a fháil. Bímid dúnta ag an deireadh seachtaine, ar laethanta saoire poiblí agus ar laethanta poiblithe eile amhail Lá Nollag agus Aoine an Chéasta.

### An bhféadfaidh mé admháil a fháil más rud é go seachadfaidh mé mo thuairim i bpearsa?

Féadfaidh. Más rud é go seachadfaidh tú do thuairim i bpearsa ar ár n-oifig, féadfaidh tú **admháil** a iarraidh á rá go bhfuaireamar do thuairim. Tar éis do thuairim a thabhairt de láimh do bhall foirne de chuid an Choimisiúin Pleanála, ní fhéadfaimid í a thabhairt ar ais. Ní fhéadfaimid ach oiread fótachóip a dhéanamh de do dhoiciméid ar a bhfuil ár ndátstampa.

### An bhfaighidh mé admháil más rud é go seolfaidh mé mo thuairim leis an bpost?

Gheobhaidh. Seolfaimid admháil chugat leis an bpost.

### An bhféadfaidh mé éisteacht ó bhéal a iarraidh?

Ní fhéadfaidh. Má tá tú ag tabhairt tuairime, ní fhéadfaidh tú éisteacht ó bhéal a iarraidh.

## Tar éis duit do thuairim a thabhairt

### Ar thug mé tuairim bhailí nó tuairim neamhbhailí?

Tar éis dúinn do thuairim a fháil, seiceálfaimid an gcomhlíonann sí na ceanglais reachtúla chun a bheith ina tuairim bhailí. Mura gcomhlíonann do thuairim na ceanglais sin, is neamhbhailí a bheidh sí. Seolfaimid litir chugat ansin chun a insint duit:

- go bhfuaireamar do thuairim, agus
- gur chinneamar do thuairim a bheith bailí **nó** neamhbhailí.

### Cad is gá dom a dhéanamh má tá mo thuairim bailí?

Má tá do thuairim bailí, ní gá duit aon rud eile a dhéanamh. Le linn an phróisis achomhairc, tá seans ann go seolfaimid litir chugat maidir leis na nithe seo a leanas:

- Cuireadh a thabhairt duit barúlacha nó tuairimí a thabhairt ar rud éigin a fuaireamar,
- An cinneadh ón gCoimisiún éisteacht ó bhéal a thionól,
- mionsonraí faoi éisteacht ó bhéal,
- An t-am faoina bhfuil súil ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh más rud é nach mbeidh sé in ann cinneadh a dhéanamh laistigh den tréimhse 18 seachtaine.

Más rud é go scríobhfaimid chugat, lean na treoracha nó an chomhairle a bheidh tugtha sa litir. Más rud é go dteastóidh cabhair uait chun na treoracha nó an chomhairle a leanúint, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn. Luaigh uimhir

thagartha cáis an achomhairc a bheidh tugtha sa litir ionas gur féidir linn do chás a shainaithint.

## Cad a tharlóidh má tá mo thuairim neamhbhailí?

Má tá do thuairim neamhbhailí, seolfaimid do dhoiciméid uile ar ais chugat. Is le seic a aisíocfaimid do tháille. Ní fhéadfaidh tú an tuairim a chur isteach an athuair ach amháin i gcás go mbeidh tú in ann na ceanglais uile a chomhlíonadh.

## Cén fáth a bhfuil mo thuairim neamhbhailí?

Seo a leanas roinnt cúiseanna a bhfuil tuairimí neamhbhailí:

- ní chomhlíonann an tuairim na ceanglais reachtúla uile ina n-iomláine, mar atá tuairiscithe sa treoir seo.
- níl aon achomharc bailí ann a bhféadfar tuairim a thabhairt maidir leis.

## Cad a dhéanfaidh an Coimisiún Pleanála ina dhiaidh sin?

Beidh do thuairim ina cuid den chás. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh bunaithe ar an doiciméadacht ar fad a bhaineann leis an gcás.

## Cén teorainn ama le haghaidh achomhairc a chinneadh?

Tá cuspóir reachtúil ag an gCoimisiún iarracht a dhéanamh cásanna a chinneadh laistigh de 18 seachtaine. Más rud é nach mbeidh an Coimisiún in ann cinneadh a dhéanamh laistigh de 18 seachtaine, scríobhfaimid chuig na rannpháirtithe san achomharc chun é sin a chur in iúl dóibh.

Nuair a bheidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún, seolfaimid litir agus cóip den Ordú ón gCoimisiún chugat chun an cinneadh a chur in iúl duit. Tá tuilleadh faisnéise faoin gcinneadh ón gCoimisiún ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

### An bhféadfaidh mé mo thuairim a tharraingt siar?

Féadfaidh. Féadfaidh tú do thuairim a tharraingt siar tráth ar bith sula ndéanfar cinneadh. **Ní mór** duit scríobh chugainn agus a lua gur mian leat do thuairim a tharraingt siar. Ní aisíocfaimid do tháille.

### Tarraingíodh an t-iarratas nó na hachomhairc a bhaineann leis an gcás siar. An ndéanfaidh an Coimisiún breithniú ar mo thuairim go fóill?

Ní dhéanfaidh. Más rud é go dtarraingeoidh an t-iarratasóir a (h)iarratas siar nó go dtarraingeofar na hachomhairc uile a bhaineann leis an gcás siar, ní bheidh aon achomharc bailí ann a thuilleadh. Beidh feidhm ag an gcinneadh bunaidh ón údarás pleanála.

## Ceisteanna Coitianta

**An bhféadfaidh mé an táille a íoc le cárta dochair nó creidmheasa thar an teileafón?**

Ní fhéadfaidh. Ní fhéadfaimid glacadh le híocaíochtaí táille thar an teileafón.

**An bhféadfaidh mé tuairim a sheoladh le ríomhphost nó trí fhacs agus an táille a sheoladh leis an bpost?**

Ní fhéadfaidh. Chun tuairim bhailí a thabhairt, is gá duit na doiciméid uile is gá agus an táille chuí a sheoladh. **Ní mór** iad a bheith faighte le chéile roimh dheireadh na tréimhse ceithre seachtaine. Más mian leat tuairim a chur isteach ar líne, ní mór duit an tsaoráid uaslódála ar líne a úsáid. Féach leathanach 14 chun tuilleadh faisnéise a fháil.

**An bhféadfaidh mé tuairim gan ainm a thabhairt?**

Ní fhéadfaidh. Ní mór duit d'ainm agus do sheoladh iomlán a sholáthar agus tú ag tabhairt do thuairime.

**An bhféadfaidh An Coimisiún Pleanála glacadh le tuairim dhéanach?**

Ní fhéadfaidh. De réir an dlí, ní fhéadfaidh an Coimisiún Pleanála glacadh le tuairim dhéanach ar aon chúis.

**Cad a tharlóidh más rud é go mbeidh oifig an Choimisiúin Pleanála dúnta ar an lá deiridh ar a bhféadfar tuairim a thabhairt?**

Más rud é go dtitfidh an dáta deiridh ar a bhféadfaimid tuairim a fháil ag an deireadh seachtaine, ar lá saoire poiblí nó ar lá eile ar a mbeidh ár n-oifig dúnta, beimid in ann do thuairim a fháil le linn uaireanta oifige ar an gcéad lá oibre eile ar a mbeidh ár n-oifig ar oscailt. Tá tuilleadh mionsonraí ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

**An bhféadfaidh mé cruthúnas a fháil gur thug mé tuairim?**

Féadfaidh. Más rud é go n-úsáidfidh tú an tsaoráid uaslódála ar líne, gheobhaidh tú admháil le ríomhphost. Más rud é go dtabharfaidh tú cuairt ar ár n-oifig chun do thuairim a sheachadadh i bpearsa, beimid in ann admháil a thabhairt duit á rá go bhfuaireamar do thuairim. **Ní dheimhnítear** leis an admháil sin go bhfuil do thuairim bailí. Ní sholáthraímid fótachóip de do dhoiciméid tuairime ar a bhfuil ár ndátstampa.

**Cén fáth a bhfuil an tuairim neamhbhailí, cé gur sheol mé leis an bpost in am í?**

Cé gur sheol tú do thuairim leis an bpost in am, tá do thuairim neamhbhailí toisc nach bhfuaireamar í laistigh den tréimhse riachtanach ceithre seachtaine.

**Cad a tharlóidh má tá mo thuairim neamhbhailí?**

Má tá do thuairim neamhbhailí, seolfaimid do dhoiciméid agus do tháille ar ais chugat.

**Níor sheol an Coimisiún Pleanála mo thuairim neamhbhailí ar ais chugam. An bhféadfaidh mé an tuairim a chur isteach an athuair?**

Féadfaidh, ach ní fhéadfaidh tú déanamh amhlaidh ach amháin i gcás go mbeidh tú in ann na ceanglais **uile** a chomhlíonadh, mar atá tuairiscithe sa treoir seo.

**An bhféadfar an dlí a chur orm mar thoradh ar a bhfuil scríofa agam i mo thuairim?**

Féadfar. Níor cheart duit tagairt a dhéanamh ach do shaincheisteanna pleanála iomchuí. Tá tuilleadh mionsonraí tugtha san fhógra uainn maidir le clúmhilleadh. Is é is clúmhilleadh ann ná cás ina ndéanann duine ráitis bhréagacha faoi dhuine eile, ar ráitis iad lena ndéantar dochar do chlú an duine eile sin.

**An bhféadfaidh mé faisnéis bhreise a chur isteach tar éis dom mo thuairim a thabhairt?**

Ní fhéadfaidh. Ní fhéadfaidh tú aon fhaisnéis bhreise a thabhairt dúinn tar éis duit do thuairim a thabhairt. Ó am go ham, is féidir go n-iarrfaimid ort tuilleadh faisnéise a thabhairt dúinn nó freagra a thabhairt ar na haighneachtaí a rinneadh. Más rud é go ndéanfaimid é sin, ba cheart duit freagra a thabhairt laistigh den tréimhse ama a shonróimid.

**An bhféadfaidh mé níos mó ná doiciméad amháin a uaslódáil agus tuairim á cur isteach agam ar líne?**

Ní fhéadfaidh. Má tá ábhar tacaíochta agat, ba cheart an t-ábhar sin a bheith ina chuid den aon doiciméad amháin i bhformáid Microsoft Word nó PDF atá le huaslódáil. Más rud é go bhfuil ábhar tacaíochta fisiciúil agat – mar shampla, DVDanna, dlúthdhioscaí, nó tiomántáin USB – nó go bhfuil tú ag iarraidh gearrthóga amhairc nó fuaime a chur isteach, ní fhéadfaidh tú an tsaoráid ar líne a úsáid. Ní mór duit do thuairim a thabhairt leis an bpost nó trí í a sheachadadh i bpearsa ar bhall foirne de chuid an Choimisiúin Pleanála ag ár n-oifig le linn uaireanta oifige.

**Conas is féidir liom a fháil amach an ndearna duine achomharc i gcoinne cinneadh pleanála?**

Is féidir leat úsáid a bhaint as an tsaoráid cuardaigh ar ár suíomh Gréasáin chun a sheiceáil an bhfuaireamar aon achomharc i leith an chinnidh pleanála ina bhfuil spéis agat. Cuirimid achomhairc nua leis an suíomh Gréasáin ar an gCéadaoin. Uaireanta, déanaimid amhlaidh lá nó dhó níos déanaí timpeall laethanta saoire poiblí agus na Nollag.

**An bhféadfaidh mé amharc ar an achomharc?**

Féadfaidh tú amharc ar an achomharc ag oifig an údaráis pleanála. Tá mionsonraí achomhairc ar fáil ar ár suíomh Gréasáin.

## Reachtaíocht

Is iad seo a leanas na dlíthe agus na rialacháin dá dtagraítear sa doiciméad seo:

- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú,
- Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú,

## Déan teagmháil linn

Más rud é gur mhaith leat cóip den doiciméad seo a fháil i bhformáid dhifriúil nó go dteastaíonn tuilleadh faisnéise uait, déan teagmháil leis an gCoimisiún Pleanála.

| | |
|---|---|
| Tabhair cuairt ar ár n-oifigí ag: | An Coimisiún Pleanála<br>64 Sráid Maoilbhríde<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 V902 |
| Scríobh chugainn ag: | |
| Glaoigh orainn ar: | (01) 858 8100 nó Íosghlao: 1800 275 175 |
| Seol ríomhphost chugainn ag: | appeals@pleanala.ie |

Arna nuashonrú den uair is deireanaí: Eanáir 2026